# Leagan Inniúlachta Státseirbhíse de chuid na SCP




An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
Public Appointments Service

# Leibh®al Inni¼lachta dõOifigeach Cl®ireachais i St§tseirbh²s na h£ireann

## OIFIGEACH CLÉIREACHAIS



# Inniúlachtaí do Leibhéal an Oifigigh
# Táscairí Feidhmíochta Éifeachtacha

| | |
|---|---|
| **Obair Foirne** | Léiríonn meas do chomhghleacaithe agus do chomhoibrithe |
| | Forbraíonn agus cothaíonn dea-chaidreamh oibre le daoine eile, roinneann eolas agus fios, de réir mar is cuí |
| | Cuireann a thuairimí agus a bharúlacha féin i láthair |
| | Tuigeann a (h)áit féin sa bhuíon agus déanann gach iarracht é sin a chomhlíonadh |
| **Eolas a Bhainistiú / Phróiseáil** | Tugann faoi gach obair ar bhealach críochnúil agus eagraithe |
| | Leanann nósanna imeachta agus prótacail agus tuigeann an fiúntas agus an bunús atá leo |
| | Coinníonn taifid ar ardchaighdeán ar féidir le daoine eile ciall a bhaint astu go réidh |
| | Baineann conclúidí cuí as eolas |
| | Molann bealaí nua le rudaí a dhéanamh ar bhealaí níos fearr agus níos éifeachtúla |
| | Ní miste leis/léi oibriú le cineálacha éagsúla eolais, m.sh., scríofa, uimhriúil, cairteacha, agus déanann áirimh, m.sh., uimhríocht, céatadáin srl |
| **Torthaí a Sholáthar** | Glacann freagracht as obair agus cuireann dlús leis go dtí an chéad leibhéal eile cuí |
| | Críochnaíonn obair go tráthúil |
| | Téann i dtaithí go gasta ar bhealaí nua chun rudaí a dhéanamh |
| | Seiceálann gach saothar oibre lena chinntiú go gcríochnaítear é ar ardchaighdeán agus saor ó bhotúin |
| | Úsáideann graiméar agus litriú ceart ag scríobh agus baineann conclúidí réasúnta as treoracha scríofa |
| | Aithníonn agus tuigeann an phráinn agus an tábhacht a bhaineann le tascanna éagsúla |
| | Léiríonn tionscnaíocht agus solúbthacht lena chinntiú go gcríochnaítear an obair |
| | Gníomhaíonn as a stuaim féin agus tá in ann breithiúnas a thabhairt ar cathain is gá treoir a iarraidh ó chomhghleacaithe nó ó bhainisteoir |
| **Scileanna i Seirbhís do Chustaiméirí agus i gCumarsáid** | Bíonn ag éisteacht go gníomhach le daoine eile agus déanann iarracht a mbarúlacha / riachtanais / a bhfuil uathu a thuiscint |
| | Tuigeann na céimeanna nó próisis a gcaithfidh custaiméirí gabháil tríothu agus tá in ann iad seo a mhíniú go soiléir |
| | Léiríonn meas, cúirtéis agus gairmiúlacht agus coinníonn smacht air/uirthi féin fiú ag déileáil le cúinsí dúshlánacha |
| | In ann a bheith diongbháilte nuair is gá agus in ann cumarsáid mhuiníneach agus údarásach a dhéanamh |
| | Déanann cumarsáid go soiléir agus go líofa, ó bhéal agus i scríbhinn |
| **Saineolas, Oilteacht agus Féin-fhorbairt** | Forbraíonn agus cothaíonn na scileanna agus an oilteacht is gá chun an ról a chomhlíonadh go héifeachtach, m.sh., córais TE, scarbhileoga, Microsoft Office, beartais chuí srl. |
| | Tuigeann go soiléir ról, cuspóirí agus aidhmeanna agus conas a shuíonn siad isteach le hobair an aonaid |
| | Tá sé/sí tiomanta d'fhorbairt phearsanta agus bíonn sé/sí ag iarraidh go leanúnach feidhmíocht phearsanta a fheabhsú |
| **Fuinneamh agus Tiomantas do Chaighdeáin Seirbhíse Poiblí** | Bíonn ag iarraidh go leanúnach feidhmiú ar chaighdeán ard agus seirbhís den scoth a sholáthar |
| | Freastal ar Rialtas agus ar mhuintir na hÉireann |
| | Bíonn críochnúil agus coinsiasach, fiú le hobair ghnáthaimh |
| | Léiríonn díograis agus teacht aniar, agus bíonn buanseasmhach fiú ag plé le dúshláin agus constaicí |
| | Tá sé/sí ionraic agus is féidir brath air/uirthi |
| | Feidhmíonn go hionraic i gcónaí |

An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
Public Appointments Service

An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí,
Áras na Caibidle,
26/30 Sráid na Mainistreach Uachtarach,
Baile Átha Cliath 1.

Tel: +353-1-8587400
Email: info@publicjobs.ie
Web: www.publicjobs.ie